



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

Daonáireamh
2011
TORTHAÍ
www.cso.ie

Preas Ráiteas Press Statement

Torthaí Daonáirimh 2011

Seo í Éire – Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011, Cuid 2

LÁNCHOSC: Níl le heisiúint roimh 11.00rn 28^ú Meitheamh 2012

Scaoil an Phríomh-Oifig Staidrimh an foilseachán is déanaí inniu ina sraith torthaí ó Dhaonáireamh 2011, ag léiriú gurb ionann an líon daoine sa lucht saothair i mí Aibreáin 2011 agus 2,232,203 – méadú de chuid 122,705, nó 5.8 faoin gcéad, ó mí Aibreáin 2006. Sheas mná le haghaidh 107,704, nó nach mór 88 faoin gcéad, den mhéadú seo.

I bhfoilseachán an lae inniu, “*Seo í Éire – Buaicphointí ó Dhaonáireamh 2011, Cuid 2*” [*This is Ireland – Highlights from Census 2011, Part 2*], atá ar an dara ceann de dhá fhoilseachán achomair ag cur na torthaí de chuid daonáirimh 2011 i láthair, déantar iniúchadh ar thopaicí sóisialta agus geilleagracha cosúil le fostaíocht, gairmeacha, oideachas agus scileanna agus saincheisteanna i ndáil le sláinte.

Deirdre Cullen, Staitisteoir Sinsearach leis an CSO: “Soláthraíonn an tuarascáil seo forbhreathnú leathan ar an staid socheacnamaíoch in Éirinn i mí Aibreáin 2011. Cuireann sí na torthaí i láthair i ndáil le topaicí cosúil le ráta athraitheach na rannpháirtíochta sa lucht saothair agus in oideachas na n-óg, conas mar atá dífhostaíocht imithe i bhfeidhm ar ghrúpaí agus áiteanna éagsúla le cúig bliana anuas agus conas mar atá sláinte agus aicme sóisialta gaolta.”

“Clúdófar na topaicí seo ar fad freisin, ar bhonn níos mionsonraí, i dtuarascálacha na toadhcháil um Próifíl atá le scaoileadh i gcaitheamh an chuid eile de 2012, le gach ceann acu ag déanamh iniúchadh ar na sonraí ar bhealach a dhéanann iarracht dul laistiar de na figiúirí ceannlíne” a dúirt Ms. Cullen. Féadfar liosta iomlán d’fhoilseacháin beartaithe a fháil in aguisíní na tuarascála.

Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census mar aon leis na sonraí uile atá ar fáil i raon táblaí gréasáin idirghníomhacha, a cheadaíonn d’úsáideoirí a dtáblaí féin a thiomsú trí na sonraí ar spéis leo a roghnú agus iad a íoslódáil i bhformáid atá éasca le húsáid dá gcuid anailíse féin.

I gcomhar leis an Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, tá sonraí daonáirimh achomair ar fáil i bhfoirm léarscáileanna téamacha do Thoghcheantair agus do Cheantair Bheaga ar shuíomh gréasáin an AIRO. Ní gá ach an nasc a leanúint ó shuíomh gréasáin an CSO.

Mar fhocal scoir dúirt Ms Cullen “Is tábhachtach an toradh ón daonáireamh iad na sonraí ceantair bhig agus foilseofar an tacar iomlán táblaí i ndáil le sraitheanna caighdeánacha uile na geografaíochta i bhfeidhmchlár léarscáile idirghníomhach éasca le húsáid ar shuíomh gréasáin an CSO ar an Máirt 31^ú Iúil. I dteannta le hinfhaighteacht uirlisí léirshamhlaithe téamacha ar shuíomh gréasáin an AIRO, tabharfaidh na forbairtí nua seo na sonraí daonáirimh chun beogachta ar bhealach úr agus spleodrach ag déanamh inrochtaineacht níos éasca do chách.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland

Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)



+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
information@cs0.ie
www.cso.ie

Buaicphointí na tuarascála

- Thit ráta rannpháirtíochta an lucht saothair d'fhir ó 72.3 faoin gcéad in 2006 go 69.4 faoin gcéad in 2011 le ráta rannpháirtíochta na mban ag méadú sa tréimhse chéanna ó 52.8 faoin gcéad go 54.6 faoin gcéad.
- Mhéadaigh an líon daoine scortha faoi 21 faoin gcéad, ó 377,927 go 457,394 le líon na mban ag tabhairt aire don teaghlach nó dá gclann mar phríomh-stádas acu ag titim faoi 48,422, meathlú de chuid 13.1 faoin gcéad.
- B'ionann an ráta dífhostaíochta foriomlán don Stát ar bhonn Príomh-Stádais Gheilleagraigh agus 19 faoin gcéad. Léirigh an ráta daonáirimh seo, atá difriúil ar chúiseanna modheolaíochta ó fhiigiúirí oifigiúla an QNHS, go raibh 424,843 duine dífhostaithe i mí Aibreáin 2011. I measc na gcathracha, bhí an ráta dífhostaíochta is airde ag Cathair Phort Láirge agus a bruachbhailte ag 24.6 faoin gcéad, leis an ráta is ísle ag Cathair Bhaile Átha Cliath agus a bruachbhailte siúd ag 17.4 faoin gcéad.
- Ar an iomlán bhí 122,682 (6.4%) níos lú daoine i mbun oibre i mí Aibreáin 2011 i gcomparáid le cúig bliana roimhe sin; sa tréimhse ama seo bhí méadú 30,011 i líon na mban i mbun oibre, agus laghdú 152,693 (13.8%) i líon na bhfear i mbun oibre.
- Mhéadaigh líon na neamhnáisiúnach i mbun oibre faoi 23,670 nó 9.7 faoin gcéad idir 2006 agus 2011. Is codarsnacht ghéir í seo le laghdú 136,642 nó 8.4 faoin gcéad i líon na náisiúnach Éireannaigh sa tréimhse ama céanna. I mí Aibreáin 2011, bhí an cion is airde d'oibríthe náisiúnach neamh-Éireannaigh san earnáil óstán agus bialann (38.1%), á leanúint ag gníomhaíochtaí gnó (19.6%), déantúsaíocht (18.4%) agus an earnáil mhórdhíola agus mhiondhíola (17.8%).
- Mhéadaigh dífhostaíocht i measc na náisiúnach neamh-Éireannaigh sa tréimhse, le hos cionn dúbailt idir 2006 agus 2011 ó 33,587 go 77,460, ag tabhairt ráta dífhostaíochta de chuid 22.4 faoin gcéad i gcomparáid le 18.5 faoin gcéad i ndáil le náisiúnaigh Éireannaigh i mí Aibreáin 2011.
- I nDaonáireamh 2011 chonacthas méadú láidir i líon na mac léinn d'aois 15 bliana agus níos sine ó 2006 – ag méadú faoi 59,242 (16.9%) ó 349,596 go 408,838. Go háirithe, méadaigh rataí rannpháirtíochta san oideachas lánaimseartha i ndáil le fir d'aois 19 go 24 bliana ó 27.1 faoin gcéad in 2006 go 38.9 faoin gcéad in 2011. Tá sé seo i gcomparáid le 42.2 faoin gcéad do mhná san aoisghrúpa seo in 2011.
- Cuireadh ceist nua ar an bpríomhréimse staidéir i ndáil leis an gcáilíocht is airde comhlíonta go dtí seo (ag eisiámh cáilíochtaí meánscoile) don chéad uair i nDaonáireamh 2011. Ar an gcatagóir is coitianta san iomlán bhí eolaíochtaí sóisialta, gnó agus dlí le 413,959 duine iontu, ag ionadú 28 faoin gcéad d'fhreagróirí uile, á leanúint ansin ag innealtóireacht, déantúsaíocht agus tógáil le 284,925 duine.
- B'ionann an ráta dífhostaíochta do dhaoine a ghnóthaigh oideachas bunscoile ar a mhéid agus 33.7 faoin gcéad. Tá sé seo i gcomparáid le ráta dífhostaíochta de chuid 7.8 faoin gcéad do dhaoine le céim tríú leibhéal nó níos airde acu.
- Thit an líon daoine ag comaitéireacht chun na hoibre faoi 5% ó 1.79 milliún in 2006 go 1.70 milliún in 2011. Chonacthas laghduithe i gcatagóirí uile na comaitéireachta seachas rothaíocht, a mhéadaigh beagán ó 36,306 go 39,803, méadú de chuid 3,497 duine. I measc na n-úsáideoirí iompair phoiblí, thit úsáideoirí bus ó 114,956 go 91,676, laghdú de chuid 23,280 le titim imeallach in úsáideoirí traenach ó 54,942 go 52,749.
- Don chéad uair thiomáin níos mó mac léinn tríú leibhéal chuig an gcoláiste níos mó ná an méid a bhain úsáide as aon mhodh iompair eile, le 28 faoin gcéad ag tiomáint chuig an gcoláiste ina ngluaisteán féin i gcomparáid le 22 faoin gcéad cúig bliana roimhe sin.
- Lean úinéireacht ghluaisteáin i measc teaghlaigh leis an treocht in airde le gluaisteán amháin ar a laghad ag 1.36 milliún teaghlach in 2011 – méadú de chuid 186,000 ón mbliain 2006.

Tuilleadh/...

- Mhéadaigh úsáid leathanbhanda i dteaghlaigh phríobháideacha ó 21.1 faoin gcéad in 2006 go 65.3 faoin gcéad in 2011. Bhí leathanbhanda ag 70.4 faoin gcéad de theaghlaigh uirbeacha an Stáit i gcomparáid le 56.5 faoin gcéad i gceantair tuaithe.
- Tugadh isteach ceist nua ar shláinte ghinearálta don chéad uair i nDaonáireamh 2011 agus iarradh ar fhreagróirí ceann amháin de chúig chatagóir a roghnú ó raon an-mhaith go dtí an-olc. Ina measc siúd d'aois 10-14 bliana mheas 87 faoin gcéad go raibh a gcuid sláinte an-mhaith – an cion is airde i gcás aon aoisghrúpa; faoi aois 40-44 bhí sé seo laghdaithe go 60%. Faoi aois 65 níor shíl ach duine as gach triúr go raibh a gcuid sláinte an-mhaith.
- Ar an iomlán bhí 595,335 duine faoi mhíchumas i mí Aibreáin 2011 ag seasamh le haghaidh 13 faoin gcéad den daonra, suas ó 393,785 (9.3%) in 2006.
- Mhéadaigh líon iomlán na gcúramóirí d'aois 15 bliana agus níos sine faoi 21,967 ó 160,917 go 182,884. Lena chois sin bhí 4,228 cúramóir faoi bhun aois 15 ag tabhairt líon iomlán na gcúramóirí go 187,112, nó 4.1 faoin gcéad den daonra.

Le haghaidh cóipeanna den fhoilseachán:

Chun féachaint ar an bhfoilseachán agus é a íoslódáil, tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an CSO ag www.cso.ie/census.

Le haghaidh breis eolais téigh i dteagmháil le:

Shaun McLaughlin ar (01) 895 1474

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Shord, Bóthar Bhaile Anraí, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.

Fiosrúcháin Daonáirimh: (01) 895 1460

Facs: (01) 895 1399

R-phost: census@cso.ie

Idirlíon: www.cso.ie